



AN tAONTAS EORPACH

PARLAIMINT NA hEORPA

AN CHOMHAIRLE

Strasbourg, 26 Feabhra 2014
(OR. en)

2011/0231 (COD)
LEX 1445

PE-CONS 91/2/13
REV 2

AGRI 622
AGRIORG 125
WTO 225
CODEC 2176

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
MAIDIR LE SAINMHÍNIÚ, TUAIRISC, CUR I LÁTHAIR, LIPÉADÚ
AGUS COSAINT TÁSC GEOGRAFACH AR THÁIRGÍ FÍONA CUMHRAITHE
AGUS LENA n-AISGHAIRTEAR RIALACHÁN (CEE) UIMH. 1601/91 ÓN gCOMHAIRLE**

RIALACHÁN (AE) Uimh. .../2013
Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Feabhra 2014

**maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tásc geografach ar tháirgí
fíona cumhraithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 ón gComhairle**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2)
agus Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach²,

¹ IO C 43, 15.2.2012, lch. 67

² Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Eanáir 2014 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)
agus cinneadh ón gComhairle an 17 Feabhra 2014 .

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Maidir le Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 ón gComhairle¹ agus le Rialachán (CE) Uimh. 122/94 ón gCoimisiún², d'éirigh leo fionta cumhraithe, deochanna cumhraithe de bhunadh fiona agus manglaim táirgí fiona cumhraithe ("táirgí fiona cumhraithe") a rialáil. I bhfianaise nuálaíochta teicneolaíochta, forbairtí sa mhargadh agus ionchais tomhaltóirí atá ag síorathrú, áfach, is gá na rialacha is infheidhme maidir le sainmhíniú, le tuairisc, le cur i láthair, le lipéadú agus le cosaint tásca geografach ar tháirgí fiona cumhraithe áirithe a thabhairt cothrom le dáta, agus modhanna táirgíochta traidisiúnta a chur san áireamh ag an am céanna.
- (2) Tá gá le tuilleadh leasuithe mar thoradh ar theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin, d'fhonn na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún de bhun Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 a chur ar comhréim le hAirteagal 290 agus Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). I bhfianaise raon feidhme na leasuithe sin, is iomchuí Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 a aisghairm agus an Rialachán seo a chur ina ionad. Le Rialachán (CE) Uimh. 122/94, tugadh isteach rialacha maidir le blaistiú agus maidir le halcól a chur le táirge, rialacha is infheidhme maidir le roinnt táirgí fiona cumhraithe, agus d'fhonn soiléire a áirithiú, ba cheart na rialacha sin a chorprú sa Rialachán seo.

¹ Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 ón gComhairle an 10 Meitheamh 1991 lena leagtar síos rialacha ginearálta maidir le sainmhíniú, tuairisc agus cur i láthair ar fhionta cumhraithe, ar dheochanna bunaithe ar fhíon cumhraithe agus ar mhanglaim táirgí fionta cumhraithe (IO L 149, 14.6.1991, lch. 1).

² Rialachán (CE) Uimh. 122/94 ón gComhairle an 25 Eanáir 1994 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 ón gComhairle maidir le sainmhíniú, tuairisc agus cur i láthair fionta cumhraithe, deochanna de bhunadh fiona cumhraithe agus manglaim a dhéantar as táirgí fiona cumhraithe a chur i bhfeidhm (IO L 21, 26.1.1994, lch. 7).

- (3) Tá feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ maidir le cur i láthair agus lipéadú táirgí fiona cumhraithe, ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán seo.
- (4) Tá táirgí fiona cumhraithe tábhachtach do thomhaltóirí, do tháirgeoirí agus d'earnáil na talmhaíochta san Aontas. Ba cheart do na bearta is infheidhme maidir le táirgí fiona cumhraithe rannchuidiú le leibhéal ard cosanta a bhaint amach do thomhaltóirí, cleachtais mheabhlaacha a chosc agus trédhearcacht sa mhargadh agus iomaíocht chóir a bhaint amach. Tríd an méid sin a dhéanamh, déanfaidh na bearta an clú atá bainte amach ag táirgí fiona cumhraithe an Aontais sa mhargadh inmheánach agus ar an margadh domhanda a choimirciú trí leanúint de chleachtais thraidisiúnta arna n-úsáid i dtáirgeadh táirgí fiona cumhraithe chomh maith leis an éileamh méadaithe ar chosaint thomhaltóirí agus ar fhaisnéis a chur san áireamh. Ba cheart nuálaíocht theicneolaíoch a chur san áireamh freisin i leith na dtáirgí sin a bhfeabhsaíonn an nuálaíocht sin a gcáilíocht, gan dochar a dhéanamh do charachtar traidisiúnta na dtáirgí fiona cumhraithe lena mbaineann.
- (5) Is mór an t-asraon d'earnáil talmhaíochta an Aontais táirgeadh na dtáirgí fiona cumhraithe, agus ba cheart béim a chur air sin sa chreat rialúcháin.
- (6) Ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir leis na táirgí fiona cumhraithe go léir a chuirtear ar an margadh san Aontas, cibé acu sna Ballstáit nó i dtríú tíortha a tháirgtear iad. Chun an clú atá ar tháirgí fiona cumhraithe an Aontais ar an margadh domhanda a chaomhnú agus a fheabhsú, ba cheart feidhm freisin a bheith ag na rialacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo maidir le táirgí fiona cumhraithe a tháirgtear san Aontas lena n-onnmhairiú.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 87/250/CEE ón gCoimisiún, Treoir 90/496/CEE ón gComhairle, Treoir 1999/10/CE ón gCoimisiún, Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2002/67/CE ón gCoimisiún agus Treoir 2008/5/CE ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 608/2004 ón gCoimisiún (IO L 304, 22.11.2011, lch. 18).

- (7) Chun soiléire agus trédhearcacht a áirithiú i ndlí an Aontais lena rialaítear táirgí fíona cumhraithe, is gá na táirgí a chumhdaítear faoin dlí sin, na critéir maidir le táirgeadh, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú táirgí fíona cumhraithe agus go háirithe, an ainmníocht díolacháin, a shainmhíniú go soiléir. Ba cheart freisin rialacha sonracha a leagan síos le haghaidh táisc dheonaigh maidir le bunaitíocht le go mbeidís mar fhorlíonadh ag gabháil leis na rialacha sin a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011. Trí na rialacha sin a leagan síos, rialaítear gach céim den slabhra táirgeachta agus cosnaítear na tomhaltóirí agus cuirtear ar an eolas go cúí iad.
- (8) Ba cheart do na sainmhíneithe ar tháirgí fíona cumhraithe cleachtais cháilíochta thraidisiúnta a urramú i gcónaí ach iad a thabhairt cothrom le dáta agus a fheabhsú i bhfianaise forbairtí teicneolaíochta.
- (9) Ba cheart táirgí fíona cumhraithe a tháirgeadh i gcomhréir le rialacha áirithe agus le srianta áirithe, lena ráthaítear go gcomhlíontar ionchais tomhaltóirí maidir le cáilíocht agus le modhanna táirgíochta. Chun na caighdeáin idirnáisiúnta sa réimse seo a chomhlíonadh, ba cheart na modhanna táirgíochta a bhunú agus ba cheart, mar riail ghinearálta, go gcuirfeadh an Coimisiún na caighdeáin a mholann agus a fhoilsíonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta Fíona agus Fíniúna (OIV) san áireamh.
- (10) Maidir le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ agus Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle², ba cheart feidhm a bheith acu maidir le táirgí fíona cumhraithe.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bia (IO L 354, 31.12.2008, lch. 16).

² Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le blastáin agus maidir le comhábhair áirithe bia a bhfuil airíonna blaistithe acu agus atá le húsáid i mbianna agus ar bhianna agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 2232/96 agus Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 agus Treoir 2000/13/CE (IO L 354, 31.12.2008, lch. 34).

- (11) Thairis sin, ba cheart gur de thionscnamh talmhaíochta go heisiach é an t-alcól eitile a úsáidfear chun táirgí fíona cumhraithe a tháirgeadh, le go gcomhlíonfar ionchais tomhaltóirí agus le go ndéanfar de réir na gcleachtas cáilíochta traidisiúnta. Áiritheoidh sé sin go mbeidh asraon ann do bhuntáirgí na talmhaíochta.
- (12) Agus earnáil na dtáirgí fíona cumhraithe chomh tábhachtach agus chomh casta agus atá, is iomchuí rialacha sonracha a leagan síos maidir le tuairisc agus cur i láthair táirgí fíona cumhraithe a bheidh mar fhorlíonadh ar na forálacha maidir le lipéadú a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011. Ba cheart freisin go gcoiscfeadh na rialacha sonracha sin aon mhí-úsáid a bhainfí as ainmníochtaí díolacháin táirgí fíona cumhraithe i gcás táirgí nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo.
- (13) D'fhonn tuiscint tomhaltóirí a éascú, ba cheart go bhféadfaí na hainmníochtaí díolacháin a leagtar síos sa Rialachán seo a fhorlíonadh le gnáthainm an táirge de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011.
- (14) Tá feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle¹, *inter alia*, maidir le táirgí talmhaíochta próiseáilte atá le húsáid mar bhia, lena n-áirítear táirgí fíona cumhraithe. Dá réir sin, táirgí fíona cumhraithe a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán sin agus sna gníomhartha a ghlactar dá bhun, féadfar iad a chur ar an margadh mar tháirgí fíona cumhraithe orgánacha.
- (15) Agus beartas cáilíochta á chur i bhfeidhm agus chun go mbeidh leibhéal ard cáilíochta ag táirgí fíona cumhraithe a bhfuil tásca geografach ag gabháil leo, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann rialacha níos déine a ghlacadh ná na rialacha atá sa Rialachán seo maidir le táirgeadh, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú táirgí fíona cumhraithe a bhfuil tásca geografach ag gabháil leo agus a tháirgtear ina gcríoch féin, a mhéid atá rialacha den sórt sin comhoiriúnach le dlí an Aontais.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2007 maidir le táirgeacht orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2092/91 (IO L 189, 20.7.2007, lch. 1).

- (16) Ós rud é nach bhfuil feidhm maidir le táirgí fíona cumhraithe ag Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹, ag Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle², agus ag na forálacha maidir le tásca geografacha atá i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³, ba cheart rialacha sonracha maidir le cosaint tasc geografach a leagan síos do tháirgí fíona cumhraithe. Ba cheart tásca geografacha a úsáid chun táirgí fíona cumhraithe a aithint mar tháirgí de thionscnamh críche tíre, nó de thionscnamh réigiúin nó ceantair sa chríoch sin, i gcás ina bhfuil cáilíocht, clú nó saintréith áirithe eile an táirge fíona chumhraithe inchurtha go bunúsach i leith a thionscnaimh gheografaigh agus ba cheart don Choimisiún tásca geografacha den sórt sin a chlárú.
- (17) Ba cheart nós imeachta a leagan síos sa Rialachán seo chun tásca geografacha tríú tíre agus Aontais a chlárú, a chomhlíonadh, a athrú agus, b'fhéidir, a chur ar ceal.
- (18) Ba cheart d'údaráis Ballstát a bheith freagrach as comhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú, agus ba cheart socrúithe a dhéanamh chun go mbeidh an Coimisiún ábalta faireachán a dhéanamh ar an gcomhlíonadh sin.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2008 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografacha deochanna biotáilleacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1576/89 ón gComhairle (IO L 39, 13.2.2008, lch. 16).

² Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 343, 14.12.2012, lch. 1).

³ Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí talmhaíochta i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 922/72 ón gComhairle, Rialachán (CEE) Uimh. 234/79 ón gComhairle, Rialachán Uimh. 1037/01 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

(19) D'fhonn eilimintí áirithe neamhriachtanacha den Rialachán seo a fhorlíonadh nó a leasú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean don Choimisiún i dtaca le próisis táirgthe a bhunú chun táirgí fíona cumhraithe a fháil; leis na critéir maidir le teorannú na limistéar geografach agus leis na rialacha, na srianta agus na maoluithe a bhaineann le táirgeacht i limistéir den sórt sin; leis na coinníollacha faoina bhféadfar ceanglais bhreise a áireamh i sonraíocht táirge; leis na cásanna ina bhféadfaidh táirgeoir aonair cur isteach ar thásca geografach a chosaint agus leis na srianta a chinneadh lena rialaítear an cineál iarratasóra a fhéadfaidh cur isteach ar chosaint den sórt sin a chinneadh; leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh i leith iarratais ar chosaint tásca geografach, le grinnscrúdú ag an gCoimisiún; leis an nós imeachta agóide; nósanna imeachta maidir le tásca geografacha a leasú agus a chealú a bhunú; leis na coinníollacha is infheidhme maidir le hiarratais trasteorann a bhunú; leis an dáta a ndéanfar iarratas nó iarraidh a thíolacadh agus an dáta a mbeidh feidhm ag an gcosaint agus ag an leasú ar chosaint; leis na coinníollacha maidir le leasuithe ar shonraíochtaí táirge, lena n-áirítear na coinníollacha ina cheaptar gur mionleasú é an leasú agus na coinníollacha a bhaineann le hiarratais ar leasuithe agus le formheas leasuithe, ar leasuithe iad nach nach bhfuil aon athrú ar an doiciméad aonair i gceist leo, a bhunú; leis na srianta a bhaineann le hainm faoi chosaint; le nádúr agus cineál na faisnéise a bhfuiltear chun fógra a thabhairt ina leith sa mhalartú faisnéise idir Ballstáit agus an Coimisiún, na modhanna fógartha, na rialacha a bhaineann leis na cearta rochtana ar fhaisnéis nó ar chórais faisnéise arna gcur ar fáil agus na rialacha mionsonraithe maidir le foilsiú na faisnéise. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúchán iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmligthe a ullmhú agus a tharraingt suas, a áirithiú go ndéanfar doiciméid ábhartha a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.

(20) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le modhanna anailíse chun comhdhéanamh táirgí fiona cumhraithe a chinneadh; le cinntí maidir le cosaint a bhronnadh ar thásca geografacha agus le hiarratais ar chosaint den sórt sin a dhiúltú; le cinntí maidir le cosaint tásca geografacha agus sonraíochtaí geografacha atá ann cheana a chealú; le cinntí maidir le hiarratais ar leasuithe i gcás mionleasuithe ar shonraíochtaí táirge na dtásc geografach; leis an bhfaisnéis atá le soláthar sa tsonraíocht táirge i dtaca leis an tásc geografach a shainmhíniú; leis na modhanna chun cinntí maidir le tásca geografacha atá ar fáil don phobal a chosaint nó diúltú dóibh; le rialacha bhaineann le hiarratais trasteorann a thíolacadh, le na rialacha maidir le seiceálacha agus fíoruithe atá le déanamh ag Ballstáit; leis an nós imeachta, lena n-áirítear inghlacthacht, le haghaidh scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar chosaint nó le haghaidh leasú ar thásca geografacha chomh maith agus leis an nós imeachta, lena n-áirítear inghlacthacht, le haghaidh iarrataí ar agóid, ar chealú, nó ar thiontú, agus le haghaidh faisnéis a thíolacadh a bhaineann le tásca geografacha faoi chosaint atá ann cheana; le seiceálacha riaracháin agus fisiceacha atá le déanamh ag Ballstáit; agus le rialacha maidir leis an bhfaisnéis is gá a chur ar fáil chun na forálacha maidir leis an malartú faisnéise idir Ballstáit agus an Coimisiún a chur i bhfeidhm, leis na socruithe maidir le hinneachar, le foirm, le huainiú, le minicíocht agus le spriocdhátaí na bhfógraí agus na socruithe le haghaidh faisnéis agus doiciméid a chur ar aghaidh nó a chur ar fáil do na Ballstáit, do na húdaráis inniúla i dtríú tíortha, nó don phobal; ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch.13).

- (21) Ba cheart don Choimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe agus, ag féachaint dá nádúr speisialta, ag gníomhú dó gan Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a chur i bhfeidhm, an doiciméad aonair a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart dó cinneadh a dhéanamh cibé acu an ndéanfaidh sé iarratas ar chosaint táisce gheografaigh a dhiúltú ar na forais go bhfuil sé neamh-inghlactha agus cibé acu ar cheart dó clár de thásca geografacha atá faoi chosaint ag an Rialachán seo a bhunú agus a choimeád ar bun, lena n-áirítear na tásca geografacha atá ann cheana a áireamh sa chlár sin nó iad a bhaint den chlár.
- (22) D'fhéadfadh sé go gcothódh an trasdul ó na rialacha dá bhforáiltear i Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 go dtí na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo deacrachtaí nach ndéileáiltear leo sa Rialachán seo. Chun na críche sin, ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún na bearta idirthréimhseacha is gá a ghlacadh.
- (23) Ba cheart go gceadófaí go leor ama agus socruithe iomchuí chun trasdul rianúil ó na rialacha dá bhforáiltear i Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 go dtí na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo a éascú. Ar aon chaoi, ba cheart margú na stoc atá ann cheana a cheadú taréis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo go dtí go mbeidh na stoic sin ídithe.

- (24) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú ar tháirgí fíona cumhraithe agus rialacha maidir le cosaint tásca geografach tháirgí fíona cumhraithe a ghnóthú go leordhóthanach ach gur féidir, de bharr a scála agus a éifeachtaí, iad a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Sa Rialachán seo, leagtar síos rialacha maidir le sainmhíniú, le tuairisc, le cur i láthair agus le lipéadú táirgí fíona cumhraithe agus maidir le tásca geografacha ar tháirgí fíona cumhraithe a chosaint.
2. Maidir le Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011, beidh feidhm aige maidir le cur i láthair agus lipéadú táirgí fíona cumhraithe, ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán seo.
3. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na táirgí fíona cumhraithe go léir a chuirtear ar an margadh san Aontas, cibé acu sna Ballstáit nó i dtríú tíortha a tháirgtear iad, maille leis na táirgí fíona cumhraithe a tháirgtear san Aontas lena n-onnmhairiú.

Airteagal 2
Sainmhínte

Chun críche an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (1) ciallaíonn "ainmníocht díolacháin" an t-ainm atá ar aon cheann de na táirgí fíona cumhraithe a leagtar síos sa Rialachán seo;
- (2) ciallaíonn "tuairisc" an liosta de na saintréithe sonracha atá ag táirge fíona cumhraithe
- (3) ciallaíonn "tásc geografach" tásc lena saináithnítear táirge fíona cumhraithe mar tháirge a thionscnaíonn i réigiún, in áit shonrach, nó i dtír, i gcás ina bhfuil cáilíocht áirithe, clú áirithe nó saintréithe áirithe eile an táirge sin inchurtha go bunúsach i leith a thionscnaimh gheografaigh.

CAIBIDIL II
SAINMHÍNIÚ, TUAIRISC,
CUR I LÁTHAIR AGUS LIPÉADÚ
TÁIRGÍ FÍONA CUMHRAITHE

Airteagal 3

Táirgí fíona cumhraithe a shainiú agus a aicmiú

- 1 Is iad táirgí fíona cumhraithe ná táirgí a fhaightear ó tháirgí de chuid earnáil an fhíona dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, agus atá blaitithe. Aicmítear iad sna catagóirí seo a leanas:
 - (a) fíonta cumhraithe,
 - (b) deochanna cumhraithe de bhunadh fíona,
 - (c) manglaim táirgí fíona cumhraithe.

2. Is é is fíon cumhraithe ná deoch:
 - (a) a fuarthas ó tháirge fíona amháin nó níos mó de na táirgí fíniúna a shainmhínítear i bpointe 5 de Chuid IV d'Iarscríbhinn II agus i bpointe 1 agus i bpointí 3 go 9 de Chuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, cé is moite d'fhíon 'Retsina';

- (b) ina mbeidh na táirgí fíniúna dá dtagraítear i bpointe (a) ionann le 75 % ar a laghad den toirt iomlán;
- (c) a bhféadfadh alcól a bheith curtha léi;
- (d) a bhféadfadh dathanna a bheith curtha léi;
- (e) a bhféadfadh úrfhíon fionchaor, úrfhíon fionchaor páirtchoipthe nó an dá cheann a bheith curtha léi;
- (f) a d'fhéadfadh a bheith milsiithe;
- (g) a bhfuil neart alcóil iarbhír de réir toirte nach lú ná 14,5 % toirte agus is lú ná 22 % toirte inti agus neart alcóil iomlán de réir toirte nach lú ná 17,5 % toirte inti.

3. Is é is deoch chumhraithe de bhunadh fíona ná deoch:

- (a) a fuarthas ó cheann amháin nó níos mó de na táirgí fíniúna atá sainmhínithe i bpointe 1, i bpointe 2 agus i bpointí 4 go 9 de Chuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, cé is moite d'fhíonta a tháirgtear trí alcól a chur leo agus d'fhíon 'Retsina';
- (b) ina mbeidh na táirgí fíniúna dá dtagraítear i bpointe (a) ionann le 50 % ar a laghad den toirt iomlán;
- (c) nach bhfuil aon alcól curtha léi, ach amháin sa chás ina bhforálann Iarscríbhinn II dá mhalairt;
- (d) a bhféadfadh dathanna a bheith curtha léi;

- (e) a bhféadfadh úrfhíon fionchaor, úrfhíon fionchaor páirtchoipthe nó an dá cheann a bheith curtha léi;
- (f) a d'fhéadfadh a bheith milsiithe;
- (g) ag a bhfuil neart alcóil iarbhír de réir toirte nach lú ná 4,5 % toirte agus is lú ná 14,5 % toirte.

4. Is é is manglam cumhraithe de tháirgí fíona ná deoch:

- (a) a fuarthas ó cheann amháin nó níos mó de na táirgí finíúna a shainmhínítear i bpointe 1, i bpointe 2 agus i bpointí 4 go 11 de Chuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, cé is moite d'fhíonta a tháirgtear trí alcól a chur leo agus d'fhíon 'Retsina';
- (b) ina mbeidh na táirgí finíúna dá dtagraítear i bpointe (a) ionann le 50 % ar a laghad den toirt iomlán;
- (c) nach bhfuil aon alcól curtha léi;
- (d) a bhféadfadh dathanna a bheith curtha léi;
- (e) a d'fhéadfadh a bheith milsiithe;
- (f) ag a bhfuil neart alcóil iarbhír de réir toirte nach lú ná 1,2 % toirte agus is lú ná 10 % toirte.

Airteagal 4

Próisis táirgthe agus modhanna anailíse le haghaidh táirgí fiona cumhraithe

1. Táirgfear táirgí fiona cumhraithe i gcomhréir leis na ceanglais, na srianta agus na tuairiscí a leagtar síos in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II.
2. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 33 maidir le próisis táirgthe údaraithe a bhunú chun táirgí fiona cumhraithe a fháil, agus ionchais na dtomhaltóirí á gcur san áireamh.

Agus na próisis táirgthe údaraithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír á mbunú, déanfaidh an Coimisiún na próisis táirgthe atá molta agus atá foilsithe ag OIV a chur san áireamh.

3. Déanfaidh an Coimisiún, i gcás inar gá, modhanna anailíse a ghlacadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, chun comhdhéanamh táirgí fiona cumhraithe a chinneadh. Beidh na modhanna sin bunaithe ar aon mhodhanna ábhartha arna moladh agus arna bhfoilsíú ag OIV, mura rud é go mbeidís neamhéifeachtach nó neamhchuí i bhfianaise an chuspóra atá á shaothrú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

Go dtí go nglacfaidh an Coimisiún modhanna den sórt sin, is iad na modhanna atá le húsáid na modhanna atá ceadaithe ag an mBallstát lena mbaineann.

4. Na cleachtais agus srianta fioneolaíochta a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagail 75(4) agus le hAirteagal 80 de Rialachán (AE) Uimh.1308/2013, beidh feidhm acu maidir le táirgí fíniúna a úsáidtear i dtáirgeadh táirgí fiona cumhraithe.

Airteagal 5
Ainmníochtaí díolacháin

1. Is iad na hainmníochtaí díolacháin a leagtar amach in Iarscríbhinn II a bheidh in úsáid le haghaidh aon táirge fíona chumhraithe a chuirtear ar an margadh san Aontas, ar choinníoll go gcomhlíonann sé na ceanglais maidir leis an ainmníocht díolacháin chomhfhreagrach a leagtar síos san Iarscríbhinn sin. Féadfar ainmníochtaí díolacháin a fhorlíonadh le gnáthainm mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2)(o) de Rialachán Uimh. 1169/2011.
2. I gcás táirgí fíona cumhraithe a chomhlíonann na ceanglais a bhaineann le níos mó ná ainmníocht díolacháin amháin, ní údaraítear ach ceann amháin de na hainmníochtaí díolacháin sin a úsáid, ach amháin mar a bhforáiltear dá mhalairt in Iarscríbhinn II.
3. Deoch alcólach nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo, ní dhéanfar í a thuairisciú, a chur i láthair nó a lipéadú trí fhocail nó trí fhrásaí amhail "cosúil", "cineál", "stíl", "déanta", "blas" nó aon téarma eile dá samhail a chur le haon cheann de na hainmníochtaí díolacháin.
4. Féadtar tásca geografacha arna chosaint faoin Rialachán seo a chur in ionad ainmníochtaí díolacháin nó iad a fhorlíonadh leis.
5. Gan dochar d'Airteagal 26, ní dhéanfar na hainmníochtaí díolacháin a fhorlíonadh le sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó le tásca geografacha faoi chosaint a cheadaítear do tháirgí fíona.

Airteagal 6

Sonraí breise a bhaineann leis na hainmníochtaí díolacháin

1. Is féidir na hainmníochtaí díolacháin dá dtagraítear in Airteagal 5 a fhorlíonadh freisin leis na sonraí seo a leanas maidir le cion siúcra atá an táirge fiona chumhraithe:
 - (a) "ríthirim": i gcás táirgí ina bhfuil cion siúcra níos ísle ná 30 gram in aghaidh an lítir agus, i gcás chatagóir na bhfionta cumhraithe agus de mhaolú ar Airteagal 3(2)(g), neart íosta alcóil iomlán de réir toirte de 15 % toirte;
 - (b) "tirim": i gcás táirgí ina bhfuil cion siúcra níos ísle ná 50 gram in aghaidh an lítir agus, i gcás chatagóir na bhfionta cumhraithe agus de mhaolú ar Airteagal 3(2)(g), neart íosta alcóil iomlán de réir toirte de 16 % toirte;
 - (c) "leath-thirim": i gcás táirgí ina bhfuil cion siúcra idir 50 gram agus níos lú ná 90 gram in aghaidh an lítir;
 - (d) "leath-mhilis": i gcás táirgí ina bhfuil cion siúcra idir 90 gram agus níos lú ná 130 gram in aghaidh an lítir;
 - (e) "milis": i gcás táirgí ina cion siúcra de 130 gram in aghaidh an lítir nó níos mó.

Is mar shiúcra inbhéartaithe a shloinntear an cion siúcra a luaitear i bpointe (a) go pointe (e) den chéad fhomhír.

Féadfar tásca maidir leis an gcion siúcra, arna shloinneadh i ngraim de shiúcra inbhéartaithe in aghaidh an lítir, a bheith i dteannta na sonraí "leath-mhilis" agus "milis".

2. I gcás ina gcuirtear an sonra "súilíneach" mar fhorlíonadh leis an ainmníocht díolacháin, nó go bhfuil an sonra sin san áireamh inti, ní bheidh an méid d'fhíon súilíneach a úsáidtear sa deoch níos lú ná 95 % de thoirt an fhíona arna úsáid.
3. Féadfar ainmníochtaí díolacháin a fhorlíonadh freisin le tagairt don phríomhbhlastán a úsáidtear sa deoch.

Airteagal 7

Bunáitíocht a chur i bhfios

I gcás ina gcuirtear bunáitíocht táirgí fíona cumhraithe i bhfios, freagróidh sí don áit ina dtáirgtear an táirge fíona cumhraithe. Tabharfar an bhunáitíocht le fios leis na focail 'arna tháirgeadh in (...)', nó cuirfeadh in iúl i dtéarmaí coibhéiseacha í, agus beidh ainm an Bhallstáit chomhfhreagraigh nó an tríú tír chomhfhreagrach mar fhorlíonadh léi.

Airteagal 8

An teanga a úsáidtear i gcur i láthair agus i lipéadú táirgí fíona cumhraithe

1. Ní dhéanfar na hainmníochtaí díolacháin a leagtar amach in Iarscríbhinn II a aistriú ar an lipéad nó i gcur i láthair táirgí fíona cumhraithe.

Beidh sonraí breise dá bhforáiltear sa Rialachán seo, i gcás ina gcuirtear i bhfocail iad, i dteanga amháin de theangacha oifigiúla an Aontais ar a laghad.

2. Taispeánfar ainm an táisc gheografaigh arna chosaint faoin Rialachán seo ar an lipéad sa teanga nó sna teangacha ina gcláraítear é, fiú i gcás ina gcuirtear an tásc geografach in ionad na hainmníochta díolacháin i gcomhréir le hAirteagal 5(4).

I gcás ina ndéantar ainm táisc gheografaigh atá faoi chosaint faoin Rialachán seo a scríobh in aibítir nach aibítir Laidineach í, féadfar é a thaispeáint freisin i dteanga oifigiúil amháin nó níos mó de chuid an Aontais

Airteagal 9

Rialacha níos déine arna gcinneadh ag na Ballstáit

Agus beartas cáilíochta á chur i bhfeidhm maidir le táirgí fíona cumhraithe a ngabhann tásca geografacha arna gcosaint faoin Rialachán seo leo agus a tháirgtear ina gcríoch féin nó chun tásca geografacha nua a bhunú, féadfaidh na Ballstáit rialacha maidir le táirgeadh agus tuairisc atá níos déine ná na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 4 agus in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a leagan síos a mhéid is atá siad ag luí le dlí an Aontais.

CAIBIDIL III

TÁSCA GEOGRAFACHA

Airteagal 10

Inneachar na n-iarratas ar chosaint

1. Sna hiarratais ar chosaint ainmneacha mar thásca geografacha, áireofar comhad teicniúil ina mbeidh an méid seo a leanas:
 - (a) an t-ainm atá le cosaint;
 - (b) ainm agus seoladh an iarratasóra;
 - (c) sonraíocht táirge dá dtagraítear i mír 2; agus
 - (d) doiciméad aonair ina ndéantar coimriú ar an tsonraíocht táirge dá dtagraítear i mír 2.

2. Chun bheith incháilithe do thásc geografach atá faoi chosaint faoin Rialachán seo, comhlíonfaidh táirge an tsonraíocht táirge chomhfhreagrach ina n-áireofar an méid seo a leanas ar a laghad:
 - (a) an t-ainm atá le cosaint;
 - (b) tuairisc ar an táirge, go háirithe ar a phríomh-shaintréithe anailíseacha mar aon le tásc ar a shaintréithe orgánaileipteacha;
 - (c) i gcás inarb infheidhme, na próisis agus na sonraíochtaí áirithe táirgthe chomh maith leis na srianta ábhartha ar an táirge a dhéanamh;

- (d) teorannú an limistéir gheografaigh lena mbaineann;
- (e) na mionsonraí a thacaíonn leis an nasc dá dtagraítear i bpointe (3) d'Airteagal 2;
- (f) na ceanglais is infheidhme a leagtar síos i ndlí an Aontais nó i ndlí náisiúnta nó, i gcás dá bhforáiltear ag Ballstáit, ag eagraíocht a bhainistíonn an tásca geografach faoi chosaint, ag féachaint don fhíoras go mbeidh na ceanglais sin oibiachtúil, agus neamh-idirdhealaitheach agus ag luí le dlí an Aontais;
- (g) tásca den phríomh-amhábhbar as a bhfaightear an táirge fíona cumhraithe;
- (h) ainmneacha agus seoltaí na n-údarás nó na gcomhlachtaí a fhíoraíonn gur comhlíonadh forálacha na sonraíochta táirge agus a gcuid cúraimí sonracha.

Airteagal 11

Iarratas ar chosaint a bhaineann le limistéar geografach i dtríú tír

1. I gcás ina mbaineann an t-iarratas ar chosaint le limistéar geografach i dtríú tír, i dteannta na nithe dá bhforáiltear in Airteagal 10, beidh cruthúnas ann go bhfuil an t-ainm atá i gceist faoi chosaint ina thír thionscnaimh.
2. Seolfaidh an t-iarratasóir an t-iarratas ar chosaint go díreach chuig an gCoimisiún nó seolfar chuig an gCoimisiún é trí údaráis an tríú tír lena mbaineann.

3. Déanfar an t-iarratas ar chosaint a chomhdú i gceann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais nó beidh aistriúchán deimhnithe go ceann de na teangacha sin ag gabháil leis.

Airteagal 12

Iarratasóirí

1. Féadfaidh aon ghrúpa leasmhar de tháirgeoirí, nó táirgeoir aonair i gcásanna eisceachtúla, iarratas ar chosaint tásc gheografaigh a thaisceadh. Féadfaidh páirtithe leasmhara eile páirt a ghlacadh san iarratas ar chosaint.
2. Féadfaidh táirgeoirí iarratas ar chosaint a thaisceadh i gcomhair na dtáirgí fíona cumhraithe a tháirgeann siad féin, agus ina gcomhair siúd amháin.
3. I gcás ainm lena n-ainmnítear limistéar geografach trasteorann, féadfar iarratas comhpháirteach ar chosaint a thaisceadh.

Airteagal 13

Réamh-nós imeachta náisiúnta

1. Beidh iarratais ar chosaint tásc geografach i gcomhair táirgí fíona cumhraithe de thionscnamh an Aontais, faoi réir réamh-nós imeachta náisiúnta i gcomhréir le mír 2 go mír 7 den Airteagal seo.
2. Déanfar an t-iarratas ar chosaint a chomhdú sa Bhallstát a dtionscnaíonn an tásc geografach ina chríoch.

3. Scrúdóidh an Ballstát an t-iarratas ar chosaint chun a fhíorú an gcomhlíonann sé na coinníollacha atá leagtha amach sa Chaibidil seo.

Déanfaidh an Ballstát, trí bhíthin nós imeachta náisiúnta, a áirithiú go bhfoilseofar an t-iarratas ar chosaint go leormhaith agus forálfaidh sé do thréimhse dhá mhí ar a laghad ó dháta foilsithe an iarratais ina bhféadfaidh aon duine nádúrtha nó aon duine dlítheanach a bhfuil leas dlisteanach aige agus atá ina chónaí nó bunaithe ar chríocha an Bhallstáit agóid a dhéanamh, le linn na tréimhse sin, in aghaidh na cosanta atá beartaithe trí ráiteas cuí-réasúnaithe a thaisceadh leis an mBallstát.

4. Má mheasann an Ballstát nach gcomhlíonann an tásca geografach na ceanglais ábhartha nó nach bhfuil sé ag luí le dlí an Aontais i gcoitinne, diúltóidh sé don iarratas.

5. Má mheasann an Ballstát go gcomhlíontar na ceanglais ábhartha, déanfaidh sé:

- (a) an doiciméad aonair agus an tsonraíocht táirge a fhoilsiú ar an idirlíon ar a laghad; agus
- (b) iarratas ar chosaint a sheoladh ar aghaidh chuig an gCoimisiún agus an fhaisnéis seo a leanas ann:
 - (i) ainm agus seoladh an iarratasóra;
 - (ii) an tsonraíocht táirge dá dtagraítear in Airteagal 10(2);
 - (iii) an doiciméad aonair dá dtagraítear in Airteagal 10(1)(d);

- (iv) dearbhú ón mBallstát go measann sé go gcomhlíonann an t-iarratas arna thaisceadh ag an iarratasóir na coinníollacha is gá; agus
- (v) an tagairt don fhoilseachán, amhail dá dtagraítear i bpointe (a).

Seolfar an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír ar aghaidh i gceann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais nó beidh aistriúchán deimhnithe go ceann de na teangacha sin ag gabháil léi.

- 6. Faoin ...^{*}, glacfaidh na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin nó na forálacha riaracháin is gá chun an tAirteagal seo a chomhlíonadh.
- 7. I gcás nach bhfuil aon reachtaíocht náisiúnta ag Ballstát a bhaineann le cosaint tásc geografach, féadfaidh sé, ar bhonn idirthréimhseach amháin, cosaint a dheonú don ainm i gcomhréir le téarmaí na Caibidle seo ar an leibhéal náisiúnta. Gabhfaidh éifeacht le cosaint den sórt sin ón dáta a dtaisctear an t-iarratas leis an gCoimisiún. Beidh deireadh lena leithéid de chosaint náisiúnta idirthréimhseach ar an dáta sin a ndéantar cinneadh maidir le clárú nó diúltú faoin gCaibidil seo.

Airteagal 14

Grinnscrúdú ag an gCoimisiún

- 1. Poibleoidh an Coimisiún an dáta a ndearnadh an t-iarratas ar chosaint a chur isteach.
- 2. Scrúdóidh an Coimisiún na hiarratais ar chosaint dá dtagraítear in Airteagal 13(5) féachaint an gcomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar síos sa Chaibidil seo.

^{*} IO: cuir isteach an dáta, le do thoil: bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. I gcás ina measann an Coimisiún go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos sa Chaibidil seo, déanfaidh sé, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh d'uireasa an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 34 (2) a chur i bhfeidhm, an doiciméad aonair dá dtagraítear in Airteagal 10(1)(d) agus an tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge dá dtagraítear in Airteagal 13(5)(a) a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
4. I gcás ina measann an Coimisiún nach gcomhlíontar na coinníollacha ina leagtar síos sa Chaibidil seo, cinnfidh sé, trí ghníomhartha cur chun feidhme, an t-iarratas a dhiúltú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

Airteagal 15

Nós imeachta agóide

Laistigh de dhá mhí ó dháta an fhoilsithe dá bhforáiltear in Airteagal 14(3), féadfaidh Ballstát nó tríú tír ar bith, nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil leas dlisteanach aige, atá ina chónaí nó bunaithe i mBallstát eile seachas an ceann atá ag déanamh iarratais ar chosaint nó i dtríú tír, agóid a dhéanamh in aghaidh na cosanta atá beartaithe trí ráiteas cuí-réasúnaithe a bhaineann leis na coinníollacha incháilitheachta mar atá siad leagtha síos sa Chaibidil seo a thaisceadh leis an gCoimisiún.

I gcás daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá ina gcónaí nó bunaithe i dtríú tír, taiscfear an ráiteas sin, go díreach nó trí bhíthin údarás an tríú tír lena mbaineann, laistigh den teorainn ama dhá mhí dá dtagraítear sa chéad mhír.

Airteagal 16
Cinneadh maidir le cosaint

Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil aige ag deireadh an nós imeachta agóide dá dtagraítear in Airteagal 15, déanfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme, an chosaint a thabhairt don tásca geografach a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos sa Chaibidil seo agus atá ag luí le dlí an Aontais, nó an t-iarratas a dhiúltú i gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha sin. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

Airteagal 17
Comhainmneacha

1. I gcás ainm a dtaisctear iarratas ar chosaint ina leith agus atá comhainmneach go hiomlán nó go páirteach le hainm atá cláraithe faoin Rialachán seo cheana, clárófar an t-ainm sin ag tabhairt aird chuí ar an gcaoi a n-úsáidtear é go traidisiúnta agus go háitiúil agus ar aon bhaol mearbhaill a d'fhéadfadh a bheith ann.
2. Ní chlárófar ainm comhainmneach a chuirfeadh an tomhaltóir amú sa chaoi go gcreidfeadh sé gur tháinig na táirgí ó chríoch eile fiú má tá an t-ainm cruinn a mhéid a bhaineann le chríoch, le réigiún nó le háit tionscnaimh iarbhír na dtáirgí atá i gceist.
3. Beidh úsáid ainm chomhainmnigh chláraithe faoi réir dóthain difríochta a bheith ann sa chleachtas idir comhainm a cláraíodh ina dhiaidh sin agus an t-ainm atá ar an gclár cheana féin, ag féachaint don ghá atá ann caitheamh go cothrom leis na táirgeoirí lena mbaineann agus don ghá atá ann gan an tomhaltóir a chur amú.

Airteagal 18

Forais maidir le diúltú cosanta

1. Ní dhéanfar ainmneacha a tháinig chun bheith cineálach a chosaint mar thásc geografach.

Chun críocha na Caibidle seo, ciallaíonn "ainm a tháinig chun bheith cineálach" ainm táirge fíona chumhraithe, agus bíodh is go mbaineann sé leis an áit nó leis an réigiún inar táirgeadh an táirge sin ar dtús, nó inar cuireadh ar an margadh é, is ainm coitianta anois é ar tháirge fíona cumhraithe san Aontas.

Lena shuíomh cibé atá ainm tagtha chun bheith cineálach nó nach bhfuil cuirfear na tosca ábhartha go léir san áireamh, go háirithe:

- (a) an staid mar atá sé san Aontas, go háirithe i réimsí tomhaltais;
- (b) dlí ábhartha an Aontais nó an dlí ábhartha náisiúnta.

2. Ní dhéanfar ainm a chosaint mar thásc geografach más rud é, i bhfianaise an chlá agus na cáile atá ar thrádmharc, gur cosúil go gcuirfeadh an chosaint sin an tomhaltóir amú maidir le fíorchéannacht an táirge fíona chumhraithe.

Airteagal 19

Gaolmhaireacht le trádmharcanna

1. I gcás ina bhfuil tásc geografach faoi chosaint faoin Rialachán seo, diúltófar trádmharc a chlárú ar trádmharc é a thig faoi Airteagal 20(2) agus a bhaineann le táirge fíona cumhraithe má dhéantar an t-iarratas ar chlárú an trádmhairc a chur isteach tar éis an dáta a cuireadh isteach an t-iarratas ar an dtásc geografach a chosaint chuig an gCoimisiún agus go bhfuil an tásc geografach faoi chosaint ina dhiaidh sin.

Déanfar neamhbhailí na trádmharcanna sin a chláraítear de shárú ar an gcéad fhomhír.

2. Gan dochar d'Airteagal 17(2), maidir le trádmharc a thig faoi Airteagal 20(2), agus a ndearnadh iarratas ina leith, nó a cláraíodh nó a bunaíodh trína úsáid, agus má dhéantar foráil maidir leis an bhféidearthacht sin sa reachtaíocht lena mbaineann, i gcríoch an Aontais roimh an dáta a gcuirtear isteach an t-iarratas ar chosaint tásc geografach chuig an gCoimisiún, féadfar leanúint ar aghaidh á úsáid agus á athnuachan d'ainneoin cosaint a bheith tugtha do thásc geografach, ar choinníoll nach bhfuil aon fhoras ann go mbeadh an trádmharc neamhbhailí nó go gcúlghairfí é mar a shonraítear i dTreoir 2008/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ nó i Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 ón gComhairle².

I gcásanna den sórt sin, féadfar an tásc geografach a úsáid taobh leis na trádmharcanna ábhartha.

¹ Treoir 2008/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2008 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trádmharcanna (IO L 299, 8.11.2008, lch. 25).

² Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 maidir leis an trádmharc Comhphobail (IO L 78, 24.3.2009, lch. 1).

Airteagal 20

Cosaint

1. Féadfaidh aon oibreoir eacnamaíoch a bhfuil táirge fíona cumhraithe á mhargú aige na tásca geografacha atá faoi chosaint faoin rialachán seo a úsáid má táirgeadh an táirge i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge chomhfhreagrach.
2. Déanfar tásca geografacha atá faoi chosaint faoin Rialachán seo agus na táirgí fíona cumhraithe a úsáideann na hainmneacha faoi chosaint sin i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge a chosaint in aghaidh na nithe seo a leanas:
 - (a) aon úsáid tráchtála dhíreach nó indíreach a bhaintear as ainm faoi chosaint:
 - (i) ag táirgí inchomparáide nach gcomhlíonann sonraíocht táirge an ainm faoi chosaint; nó
 - (ii) a mhéid is a bhaineann an úsáid sin leas as an gcáil atá ag tasc geografach;
 - (b) aon mhí-úsáid, aithris nó tabhairt chun cuimhne, fiú má shonraítear fíorthionscnamh an táirge nó na seirbhíse nó má dhéantar an t-ainm faoi chosaint a aistriú, a thras-scríobh nó a thraslitriú nó má chuirtear nath mar "stíl", "cineál", "modh", "mar a tháirgtear in", "aithris", "blas", "cosúil" nó nath comhchosúil éigin leis;

- (c) aon tásca bréagach nó míthreorach eile maidir le bunáitíocht, tionscnamh, nádúr nó cáilíochtaí bunúsacha an táirge, ar an bpacáistíocht laistigh nó ar an bpacáistíocht lasmuigh, san ábhar fógraíochta nó sna doiciméid a bhaineann leis an táirge fíona lena mbaineann, agus an táirge a bheith pacáistithe i gcoimeádán a d'fhéadfadh barúil bhréige a thabhairt faoina thionscnamh;
 - (d) aon chleachtais eile a d'fhéadfadh an tomhaltóir a chur amú maidir le fíorthionscnamh an táirge.
3. Ní thiocfaidh tásca geografacha atá faoi chosaint faoin Rialachán seo chun bheith cineálach san Aontas de réir bhrí Airteagal 18(1).
 4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta riaracháin agus breithiúnacha iomchuí chun úsáid neamhdhleathach tásca geografach atá faoi chosaint faoin Rialachán seo amhail dá dtagraítear i mír 2 a chosc nó a stopadh.

Airteagal 21

An Clár

Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 34(2) a chur i bhfeidhm, clár leictreonach de thásca geografacha atá faoi chosaint faoin Rialachán seo i gcomhair táirgí fíona cumhraithe a bhunú agus a chothabháil agus beidh rochtain ag an bpobal air.

Féadfar tásca geografacha a bhaineann le táirgí ó thríú tíortha agus atá faoi chosaint san Aontas de bhun comhaontú idirnáisiúnta a bhfuil an tAontas ina pháirtí conarthach ann a chlárú sa chlár dá dtagraítear sa chéad mhír mar thásca geografacha atá faoi chosaint faoin Rialachán seo.

Airteagal 22

Údarás inniúil a ainmniú

1. Ainmneoidh Ballstáit an t-údarás inniúil nó na húdaráis inniúla a bheidh freagrach as seiceálacha a dhéanamh i ndáil leis na hoibleagáidí a leagtar síos sa Chaibidil seo i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh aon oibreoir eacnamaíoch a chomhlíonann an Chaibidil seo i dteideal a bheith cumhdaithe faoi chóras seiceálacha.
3. Cuirfidh na Ballstáit ainm an údaráis inniúil nó ainmneacha na n-údarás inniúil dá dtagraítear i mír 1 in iúl don Choimisiún. Poibleoidh an Coimisiún a n-ainmneacha agus a seoltaí agus déanfaidh sé iad a thabhairt cothrom le dáta go tréimhsiúil.

Airteagal 23

Comhlíonadh na sonraíochtaí a fhíorú

1. Maidir le tásca geografacha atá faoi chosaint faoin Rialachán seo a bhaineann le limistéar geografach laistigh den Aontas, is iad seo a leanas a áiritheoidh go ndéanfar fíorú bliantúil ar chomhlíonadh na sonraíochta táirge, le linn tháirgeadh an táirge fíona chumhraithe agus le linn nó tar éis a oiriúnaithe:
 - (a) an t-údarás inniúil nó na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 22; nó

¹ Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le rialuithe oifigiúla a fheidhmítear chun a áirithiú go ndéantar comhlíonadh dlí beatha agus bia, rialacha sláinte ainmhithe agus rialacha leasa ainmhithe a fhíorú (IO L 165, 30.4.2004, lch. 1).

- (b) ceann amháin nó níos mó de na comhlachtaí rialaithe atá freagrach as an bhfíorú de réir bhrí phointe 5 den dara mír d'Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 agus ar comhlacht é a oibríonn mar chomhlacht deimhniúcháin táirgí nó ar comhlachtaí iad a oibríonn mar chomhlachtaí deimhniúcháin táirgí i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 6 den Rialachán sin.

Is iad na hoibreoírí atá faoi réir an fhíoraithe sin a íocfaidh as na costais a bhaineann leis.

- 2. Maidir le tásca geografacha atá faoi chosaint faoin Rialachán seo a bhaineann le limistéar geografach i dtríú tír, is iad seo a leanas a áiríteoidh go ndéanfar fíorú bliantúil ar chomhlíonadh na sonraíochta táirge, le linn tháirgeadh an táirge fíona chumhraithe agus le linn nó tar éis a oiriúnaithe:
 - (a) údarás poiblí amháin nó níos mó arna ainmniú nó arna n-ainmniú ag an tríú tír; nó
 - (b) comhlacht deimhniúcháin amháin nó níos mó.
- 3. Comhlíonfaidh na comhlachtaí dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 agus i bpointe (b) de mhír 2 Caighdeán EN ISO/IEC 17065:12 (Measúnaithe comhréireachta - Ceanglais do chomhlachtaí a dheimhníonn táirgí, próisis agus táirgí), agus creidiúnófar iad i gcomhréir leis an gcaighdeán sin.
- 4. I gcás ina bhfíoraíonn an t-údarás nó na húdaráis dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 agus i bpointe (a) de mhír 2 gur comhlíonadh an tsonraíocht táirge, tabharfaidh siad ráthaíochtaí leordhóthanacha maidir le hoibiachtúlacht agus le neamhchlaontacht, agus beidh an fhoireann cháilithe agus na hacmhainní is gá acu chun a gcúraimí a chomhlíonadh.

Airteagal 24

Leasuithe ar shonraíochtaí táirgí

1. Féadfaidh iarratasóir a chomhlíonann coinníollacha Airteagal 12 cur isteach ar fhormheas i gcomhair leasú a dhéanamh ar shonraíocht táirge a bhaineann le tasc geografach atá faoi chosaint faoin Rialachán seo, go háirithe d'fhonn forbairtí in eolas teicniúil agus eolaíoch a chur san áireamh nó chun an limistéar geografach dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 10(2) a athshainiú. Tabharfar tuairisc ar na leasuithe sin agus na cúiseanna leo le fios san iarratas.
2. I gcás ina bhfuil sé i gceist sa leasú atá beartaithe go ndéanfaí athrú amháin nó níos mó ar an doiciméad aonair dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 10(1), beidh feidhm ag Airteagail 13 go 16 *mutatis mutandis* maidir leis an iarratas ar leasú. I gcás, áfach, nach bhfuil beartaithe ach mionleasú, déanfaidh an Coimisiún cinneadh, trí ghníomhartha cur chun feidhme, an bhformheasfaidh sé an t-iarratas gan an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 14(2) agus in Airteagal 15 a leanúint agus i gcás ina bhformheasfaidh sé an t-iarratas, foilseoidh an Coimisiún na heilimintí dá dtagraítear in Airteagal 14(3). Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

Airteagal 25

Cealú

Féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh chuí-réasúnaithe ó Bhallstát, ó thríú tír nó ó dhuine nádúrtha nó ó dhuine dlítheanach a bhfuil leas dlisteanach aige, cinneadh a dhéanamh trí ghníomhartha cur chun feidhme cosaint táisc gheografaigh a chealú mura n-áirithítear go bhfuil an tsonraíocht táirge chomhfhreagrach á chomhlíonadh a thuilleadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

Beidh feidhm ag Airteagail 13 go 16 *mutatis mutandis*.

Airteagal 26

Sonrúcháin gheografacha atá ann cheana

1. Maidir le sonrúcháin gheografacha táirgí fíona cumhraithe a liostaítear in Iarscríbhinn II de Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 agus aon sonrúchán geografach a chuirtear faoi bhráid Ballstát agus a bheidh formheasta ag an mBallstát sin roimh ...^{*}, cosnófar iad go huathoibríoch mar thásca geografacha faoin Rialachán seo. Déanfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 34 (2) den Rialachán seo a chur i bhfeidhm, iad a liostú sa chlár dá ndéantar foráil in Airteagal 21 den Rialachán seo.

^{*} IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Cuirfidh Ballstáit an méid seo a leanas ar aghaidh chuig an gCoimisiún maidir le sonrúcháin gheografacha atá ann cheana féin dá dtagraítear i mír 1:
 - (a) na comhaid theicniúla amhail dá bhforáiltear in Airteagal 10(1);
 - (b) na cinntí náisiúnta formheasa.
3. Maidir le sonrúcháin gheografacha dá dtagraítear i mír 1, nach dtíolacfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 ina leith faoin ...^{*}, caillfidh siad cosaint faoin Rialachán seo. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme a glacadh gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 34(2) a chur i bhfeidhm, an beart foirmiúil comhfhreagrach, is é sin le rá bainfidh sé na hainmneacha sin den chlár dá bhforáiltear in Airteagal 21.
4. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 25 maidir le sonrúcháin gheografacha atá ann cheana agus dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

Go dtí an...^{**} féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, agus ar a thionscnamh féin, a chinneadh an chosaint atá ar ainmníochtaí geografacha atá ann cheana dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a chealú mura gcomhlíonann siad pointe (3) d'Airteagal 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

* IO: cuir isteach an dáta, le do thoil: 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

** IO: cuir isteach an dáta, le do thoil: 4 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Airteagal 27

Táilli

Féadfaidh Ballstáit táille a ghearradh chun a gcostais a chlúdach, lena n-áirítear na costais a thabhaíonn siad le linn dóibh scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar chosaint, ar ráitis agóide, ar iarratais ar leasuithe agus ar iarrataí ar chealuithe faoin gCaibidil seo.

Airteagal 28

Cumhachtaí tarmligthe

1. Chun saintréithe an táirgthe sa limistéar geografach teorannaithe a chur san áireamh, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a bhaineann leis an méid seo a leanas a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 33:
 - (a) critéir maidir le teorannú an limistéir gheografaigh; agus
 - (b) rialacha, srianta agus maoluithe maidir leis an táirgeadh sa limistéar geografach teorannaithe.
2. Chun cáilíocht agus inrianaitheacht na dtáirgí a áirithiú, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 33 d'fhonn na coinníollacha a bhunú faoina bhféadfaidh ceanglais bhreise ar na ceanglais sin dá dtagraítear in Airteagal 10(2)(f) a bheith ar áireamh i sonraíochtaí táirgí.

3. Chun cearta nó leasanna dlisteanacha táirgeoirí nó oibreoirí a áirithiú, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 33 d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh:
- (a) na cásanna a chinneadh ina bhféadfaidh táirgeoir aonair cur isteach ar thásc geografach a chosaint;
 - (b) na srianta a chinneadh lena rialaítear an cineál iarratasóra a fhéadfaidh cur isteach ar thásc geografach a chosaint;
 - (c) na coinníollacha a bhunú a bheidh le leanúint i leith iarratais ar chosaint tásc geografach, ghrinnschrúdú ag an gCoimisiún, an nós imeachta agóide, agus nósanna imeachta maidir le tásca geografacha a leasú agus a chealú;
 - (d) na coinníollacha is infheidhme maidir le hiarratais trasteorann a bhunú;
 - (e) an dáta a shocrú a ndéanfar iarratas nó iarraidh a thíolacadh;
 - (f) an dáta a shocrú a dtosóidh an chosaint;
 - (g) na coinníollacha a bhunú faoina measfar gur mionleasú de réir bhrí Airteagal 24(2) atá i gceist le leasú;
 - (h) an dáta a shocrú a dtiocfaidh leasú i bhfeidhm;

- (i) na coinníollacha a bhunú a bhaineann leis na hiarratais ar leasuithe ar an shonraíocht táirge táisc gheografaigh faoi chosaint agus a bhaineann le formheas na leasuithe sin, nuair nach dtagann aon athrú ar an doiciméad aonair dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 10(1) i gceist le leasuithe den sórt sin.

4. Chun cosaint leordhóthanach a áirithiú, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 33 a bhaineann leis na srianta maidir leis an ainm cosanta.

Airteagal 29

Cumhachtaí cur chun feidhme

- 1. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na bearta uile is gá a bhaineann leis an gCaibidil seo a ghlacadh maidir leis an méid seo a leanas:
 - (a) an fhaisnéis atá le soláthar sa tsonraíocht táirge maidir leis an nasc dá dtagraítear i bpointe (3) d'Airteagal 2 idir an limistéar geografach agus an táirge deiridh;
 - (b) na modhanna chun cinntí maidir le cosaint nó diúltú dá dtagraítear in Airteagal 16 a chur ar fáil don phobal;
 - (c) iarratais trasteorann a chur isteach;
 - (d) seiceálacha agus fíorú atá le déanamh ag na Ballstáit, lena n-áirítear tástáil.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

2. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na bearta uile is gá a bhaineann leis an gCaibidil seo a ghlacadh maidir leis an nós imeachta, lena n-áirítear inghlacthacht, le haghaidh scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar chosaint nó le haghaidh leasú ar thásc geografach a fhortheas, chomh maith leis an nós imeachta, lena n-áirítear inghlacthacht, le haghaidh iarrataí ar agóid, ar chealú, nó ar thiontú, agus le haghaidh faisnéis a thíolacadh a bhaineann le sonrúcháin gheografacha faoi chosaint atá ann cheana, go háirithe maidir le:

- (a) múnlaí do dhoiciméid agus an fhormaid ina dtarchuirfear iad;
- (b) teorainneacha ama;
- (c) mionsonraí na bhfioras, na fianaise agus na ndoiciméad tacaíochta atá le tíolacadh chun tacú leis an iarratas nó leis an iarraidh.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

Airteagal 30

Iarratas neamh-inghlactha nó iarraidh neamh-inghlactha

I gcás ina measfar nach bhfuil iarratas nó iarraidh a cuireadh isteach faoin gCaibidil seo inghlactha, cinnfidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme a glacadh gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 34(2) a chur i bhfeidhm, an t-iarratas nó an iarraidh a dhiúltú toisc gan é nó í a bheith inghlactha.

CAIBIDIL IV
FORÁLACHA GINEARÁLTA, FORÁLACHA
IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS FORÁLACHA
CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 31

Seiceálacha agus fíorú ar tháirgí fíona cumhraithe

1. Beidh na Ballstáit freagrach as seiceálacha ar tháirgí fíona cumhraithe. Déanfaidh siad na bearta is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar forálacha an Rialacháin seo agus go háirithe ainmneoidh siad an t-údarás inniúil nó na húdaráis inniúla a bheidh freagrach as seiceálacha i leith na n-oibleagáidí arna mbunú ag an Rialachán seo i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 882/2004.
2. Déanfaidh an Coimisiún, nuair is gá, trí ghníomhartha cur chun feidhme, na rialacha a ghlacadh maidir le seiceálacha riaracháin agus fisiceacha atá le déanamh ag na Ballstáit maidir le hurramú oibleagáidí a thig as an Rialachán seo a chur i bhfeidhm.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

Airteagal 32
Malartú faisnéise

1. Tabharfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún fógra dá chéile faoi aon fhaisnéis is gá chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm agus chun na hoibleagáidí idirnáisiúnta maidir le táirgí fíona cumhraithe a chomhlíonadh. Féadfar, i gcás inarb iomchuí sin, an fhaisnéis sin a thabhairt nó a chur ar fáil do na húdaráis inniúla i dtríú tíortha agus don phobal.
2. Chun go mbeidh na fógraí dá dtagraítear i mír 1 tapa, éifeachtúil, beacht agus costéifeachtach, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 33 chun an méid seo a leanas a leagan síos:
 - (a) nádúr agus cineál na faisnéise a bhfuil fógra le tabhairt ina taobh;
 - (b) na modhanna fógartha;
 - (c) na rialacha a bhaineann leis na cearta rochtana ar an bhfaisnéis nó ar na córais faisnéise a chuirfear ar fáil;
 - (d) coinníollacha agus modhanna foilsithe na faisnéise.
3. Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme:
 - (a) rialacha maidir leis an bhfaisnéis is gá do chur i bhfeidhm an Airteagail seo a chur ar fáil;

- (b) socruithe le haghaidh bhainistiú na faisnéise a bhfuil fógra le tabhairt ina taobh, chomh maith le rialacha maidir le hinneachar, le foirm, le huainiú, le minicíocht agus le spriocdhátaí na bhfógraí;
- (c) socruithe le haghaidh faisnéis agus doiciméid a chur ar aghaidh nó a chur ar fáil do na Ballstáit, do na húdaráis inniúla i dtríú tíortha, nó don phobal.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

Airteagal 33

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 4(2), 28, 32(2), agus 36(1) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana amhail ón ...^{*}. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil i leith tharmligean na cumhachta a tharraingt suas tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfheid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

^{*} IO: cuir isteach an dáta, le do thoil: dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 4(2), 28, 32(2) agus 36(1) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na gcumhachtaí atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.
4. A luaithe agus a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.
5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlacfar de bhun Airteagal 4(2), Airteagal 28, Airteagal 32(2), agus Airteagal 36(1) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an Chomhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 34

An nós imeachta Coiste

1. Tabharfaidh an Coiste um tháirgí fíona cumhraithe cúnamh don Choimisiún. Coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa Choiste sin.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

I gcás gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 4(3) agus in Airteagal 29(1)(b), i gcás nach dtugann an Coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fhomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (CE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 35

Aisghairm

Aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 leis seo amhail ón ...*.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 36

Bearta idirthréimhseacha

1. Chun an trasdul ó na rialacha dá bhforáiltear i Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 go dtí na rialacha a bhunaítear sa Rialachán seo a éascú, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 33, i gcás inarb iomchuí, maidir le bearta a ghlacadh chun an Rialachán seo a leasú nó chun maolú uaidh, ar rialachán é a fhanfaidh i bhfeidhm go dtí an...**

* IO: cuir isteach, le do thoil, an dáta: bliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

** IO: cuir isteach an dáta, le do thoil: 4 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Féadtar táirgí fiona cumhraithe nach gcomhlíonann ceanglais an Rialacháin seo ach a táirgeadh i gcomhréir le Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 roimh ...* a chur ar an margadh go dtí go mbeidh na stoic ídithe.
3. Féadfar táirgí fiona cumhraithe a chomhlíonann Airteagail 1 go 6 agus Airteagal 9 den Rialachán seo agus a táirgeadh roimh **. a chur ar an margadh go dtí go n-ídeofar na stoic ar choinníoll go gcomhlíonann na táirgí sin rialachán (CEE) 1601/91 i dtaca le gach gné nach rialaítear le hAirteagail 1 go 6 agus Airteagal 9 den Rialachán seo.

Airteagal 37

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh feidhm aige ón ...**. Beidh feidhm ag Airteagal 36(1) agus (3), áfach, amhail ón ...***.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

* IO: cuir isteach le do thoil dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

** IO: cuir isteach, le do thoil, an dáta: bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

*** IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

IARSCRÍBHINN I

SAINMHÍNITHE TEICNIÚLA, CEANGLAIS THEICNIÚLA AGUS SRIANTA TEICNIÚLA

(1) Blaistiú

(a) Tá na táirgí seo a leanas údaraithe chun fionta cumhraithe a bhlaistiú:

(i) substaintí aiceanta blaistithe agus/nó ullmhóidí blaistithe mar a shainmhínítear in Airteagal 3(2)(c) agus (d) de Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008;

(ii) blastáin, mar a shainítear in Airteagal 3(2)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008:

- arb ionann iad agus fanailin,
- a bhfuil boladh agus/nó blas almóinní orthu,
- a bhfuil boladh agus/nó blas aibreog orthu,
- a bhfuil boladh agus/nó blas uibheacha orthu, agus

(iii) luibheanna aramatacha agus/nó spíosraí agus/nó bia-ábhair bhlaistithe.

- (b) Tá na táirgí seo a leanas údaraithe chun deochanna cumhraithe de bhunadh fíona agus manglaim chumhraithe de tháirgí fíona a bhlaistiú:
- (i) substaintí blaitithe agus/nó ullmhóidí blaitithe mar a shainmhínítear in Airteagal 3(2)(b) agus (d) de Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008; agus
 - (ii) luibheanna aramatacha agus/nó spíosraí agus/nó bia-ábhair bhlaistithe.

Maidir leis na substaintí sin a chur leis, bronnann siad saintréithe orgánaileipteacha seachas saintréithe an fhíona ar an táirge críochnaithe.

(2) Milsíú

Tá na táirgí seo a leanas údaraithe chun táirgí fíona cumhraithe a mhilsíú:

- (a) siúcra leathbhán, siúcra bán, siúcra bán mínghlanta, deastrós, fruchtós, síoróip ghlúcóis, tuaslagán siúcra, tuaslagán siúcra inbhéartaithe, síoróip siúcra inbhéartaithe, mar a shainmhínítear i dTreoir 2001/111/CE¹;
- (b) úrfhíon fíonchaor, úrfhíon fíonchaor tiubhaithe agus úrfhíon fíonchaor coigeartaithe tiubhaithe, mar a shainmhínítear i bpointe 10, i bpointe 13 agus i bpointe 14 de Chuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh 1308/2013;
- (c) siúcra dóite, arb é an táirge é a fhaightear go heisiach ó théamh rialaithe siúcraí gan bhunanna, aigéid mhianracha ná breiseáin cheimiceacha eile;

¹ Treoir 2001/111/CE ón gComhairle an 20 Nollaig 2001 maidir le siúcraí áirithe atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine (IO L 10, 12.1.2002, lch. 53).

- (d) mil mar a shainmhínítear i dTreoir 2001/110/CE ón gComhairle¹,
- (e) síoróip charúib;
- (f) substaintí nádúrtha carbaihiodráite ar bith eile a bhfuil éifeacht chomhchosúil acu leis na táirgí sin.

(3) Alcól a chur le deoch

Tá na táirgí seo a leanas údaraithe chun fionta cumhraithe áirithe agus deochanna cumhraithe áirithe de bhunadh fiona a ullmhú:

- (a) alcól eitile de thionscnamh talmhaíochta, mar a shainítear in Iarscríbhinn I, pointe 1, de Rialachán (CE) Uimh 110/2008, lena n-áirítear tionscnamh fionsaothraithe,
- (b) alcól fiona nó alcól fionchaor triomaithe,
- (c) driogáit fiona nó driogáit fionchaor triomaithe,
- (d) driogáit de thionscnamh talmhaíochta, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I, pointe 2, de Rialachán (CE) Uimh 110/2008,
- (e) biotáille fiona, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II, pointe 4, de Rialachán (CE) Uimh 110/2008,
- (f) biotáille de mharc fionchaor, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II, pointe 6, de Rialachán (CE) Uimh 110/2008,
- (g) deochanna biotáilleacha a dhriogtar ó fhionchaora triomaithe coipthe.

¹ Treoir 2001/110/CE ón gComhairle an 20 Nollaig 2001 maidir le mil (IO L 10, 12.1.2002, lch. 47).

An t-alcól eitile a úsáidfeadh chun datháin, blastáin nó aon bhreiseáin údaráithe eile arna n-úsáid in ullmhú táirgí fíona cumhraithe a chaolú nó a thuaslagadh, ní mór go mbeidh sé de thionscnamh talmhaíochta agus ní mór nach n-úsáidfeadh é ach i ndáileog a bhfuil fíorghá léi agus ní mheasfar go bhfuil alcól á chur leis an deoch chun táirge fíona cumhraithe a tháirgeadh.

(4) Breiseáin agus dathúchán

Tá feidhm maidir le táirgí fíona cumhraithe ag na rialacha maidir le breiseáin bia, lena n-áirítear dathanna, a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008.

(5) Uisce a chur le deoch

Ceadaítear uisce a chur le táirgí fíona cumhraithe agus iad á n-ullmhú ar choinníoll nach n-úsáidfeadh é ach i ndáileog a bhfuil gá léi:

- chun úscra blaistithe a ullmhú,
- chun dathúcháin agus milseoirí a thuaslagadh,
- chun comhdhéanamh críochnaitheach an táirge a choigeartú.

Ní foláir go mbeidh cáilíocht an uisce a chuirtear leis an deoch i gcomhréir le Treoir 2009/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ agus le Treoir 98/83/CE ón gComhairle², agus níor cheart dó nádúr an táirge a athrú.

¹ Treoir 2009/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir leis an gcomhfhogasú de dhlíthe de chuid na mBallstát a bhaineann le huiscí mianraí a shaothrú agus a mhargú (IO L 229, 30.8.1980, lch. 1).

² Treoir 98/83/CE ón gComhairle an 3 Samhain 1998 maidir le cáilíocht uisce atá ceaptha le hól ag daoine (IO L 330, 5.12.1998, lch. 32).

Féadfaidh an t-uisce seo a bheith driogtha, dímhianraithe, iomalartaithe nó bogtha.

(6) Ceadáítear dé-ocsaíd charbóin a chur le táirgí fíona cumhraithe agus iad á n-ullmhú.

(7) Neart alcóil:

Ciallaíonn 'neart alcóil de réir toirte' an cóimheas idir toirt an alcóil íon atá i láthair sa táirge atá i gceist ag teocht 20°C agus toirt iomlán an táirge sin ag an teocht chéanna.

Ciallaíonn "neart alcóil iarbhír de réir toirte" an líon toirteanna d'alcól íon, ag teocht 20°C, in 100 toirt den táirge ag an teocht chéanna.

Ciallaíonn "neart alcóil féideartha de réir toirte" an líon toirteanna d'alcól íon ag teocht 20°C arbh fhéidir a tháirgeadh trí choipeadh iomlán a dhéanamh ar na siúcraí atá in 100 toirt den táirge ag an teocht chéanna.

Ciallaíonn "neart alcóil iomlán de réir toirte", suim an nirt alcóil iarbhír de réir toirte agus an nirt alcóil fhéideartha de réir toirte.

IARSCRÍBHINN II

AINMNÍOCHTAÍ DÍOLACHÁIN AGUS TUAIRISCÍ AR THÁIRGÍ FÍONA CUMHRAITHE

A. AINMNÍOCHTAÍ DÍOLACHÁIN AGUS TUAIRISCÍ AR FHÍONTA CUMHRAITHE

(1) Fíon cumhraithe:

Táirgí a chomhlíonann an sainmhíniú a leagtar amach in Airteagal 3(2).

(2) Greadóg de bhunadh fíona:

Fíon cumhraithe a bhféadfadh alcól a bheith curtha leis.

Tá úsáid an téarma "greadóg" sa chomhthéacs seo gan dochar dá úsáid chun táirgí nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a shainmhíniú.

(3) Fíon mormónta

Fíon cumhraithe:

- a bhfuil alcól curtha léi, agus
- a bhfuarthas an blas sainiúil atá air trí shubstaintí iomchuí ón speiceas *Artemisia* a úsáid.

(4) Fíon cumhraithe searbh:

Fíon cumhraithe a bhfuil blas searbh sainiúil air agus a bhfuil alcól curtha leis.

Maidir leis an ainmníocht díolacháin "fíon cumhraithe searbh", leanann ainm na príomhshubstainte searbh-bhlaistithe í ach féadfar na téarmaí seo a leanas, nó téarmaí coibhéiseacha i dteangacha oifigiúla eile de chuid an Aontais, a í a fhorlíonadh nó a ionadú:

- "Fíon Quinquina", arb é cuinín aiceanta an príomhbhlastán atá ann,
- "*Bitter vino*", arb é blastán de cheadharlach aiceanta an príomhbhlastán atá ann agus dath údaraithe buí agus/nó dearg. Tá úsáid an téarma "bitter" sa chomhthéacs seo gan dochar dá úsáid chun táirgí nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a shainmhíniú,
- "*Americano*" atá blaitithe toisc gurb ann do shubstaintí blaitithe aiceanta atá díorthaithe as mormónta agus as ceadharlach agus atá daite le hábhar dathúcháin údaraithe buí agus/nó dearg.

(5) Fíon cumhraithe ubh-bhunach

Fíon cumhraithe:

- a bhfuil alcól curtha leis,

- a bhfuil buíocáin uibhe d'ardcháilíocht nó eastóscanna díorthaithe díobh curtha leis,
- a bhfuil cion siúcra ann atá sloinnte i dtéarmaí siúcra inbhéartaithe de bhreis is 200 gram, agus
- ar ina ullmhú is í an chainníocht íosta buíocán uibhe a úsáidtear sa mheascán 10 ngram in aghaidh an lítir.

Maidir leis an ainmníocht díolacháin "fíon cumhraithe ubh-bhunach", féadfaidh an téarma "*cremovo*" a bheith ag gabháil léi i gcás ina bhfuil táirge ó ainmniú cosanta tionscnaimh "Marsala" san fhíon sin i gcion nach lú ná 80 %.

Maidir leis an ainmníocht díolacháin "fíon cumhraithe ubh-bhunach", féadfaidh an téarma "*cremovo zabaione*" a bheith ag gabháil léi i gcás ina bhfuil fíon ó ainmniú cosanta tionscnaimh "Marsala" sa táirge sin i gcion nach lú ná 80 % agus ina bhfuil cion buíocáin uibhe nach lú ná 60 gram in aghaidh an lítir ann.

(6) *Väkevä viiniglögi / Starkvinsglögg*

Fíon cumhraithe:

- a bhfuil alcól curtha leis, agus,
- a bhfuarthas an blas sainiúil atá air trí chlóibh agus/nó trí chainéal a úsáid.

B. AINMNÍOCHTAÍ DÍOLACHÁIN AGUS TUAIRISCÍ AR DHEOCHANNA
CUMHRAITHE DE BHUNADH FÍONA

(1) Deoch chumhraithe de bhunadh fiona

Táirgí a chomhlíonann an sainmhíniú a leagtar amach in Airteagal 3(3).

(2) Deoch chumhraithe de bhunadh fiona treisithe

Deoch chumhraithe de bhunadh fiona

- a bhfuil alcól curtha léi,
- nach lú ná 7 % toirte a neart alcóil iarbhír de réir toirte;
- atá milsithe,
- a fhaightear ó fhíon bán,
- a bhfuil driogáit fionchaor triomaithe curtha léi, agus
- atá blaistithe le heastóscán cardamaim amháin;

nó

- a bhfuil alcól curtha léi,
- nach lú ná 7 % toirte a neart alcóil iarbhír de réir toirte.,

- atá milsiithe,
- a fhaightear ó fhíon dearg, agus
- a bhfuil ullmhóidí blaitithe nach bhfaightear ach ó spíosraí, ginsing, cnónna, úscraí torthaí citris agus luibheanna aramatacha amháin, curtha léi.

(3) *Sangría / Sangria*

Deoch chumhraithe de bhunadh fíona

- a fhaightear ó fhíon,
- atá cumhraithe trí eastóscáin nó úscraí aiceanta torthaí citris a chur léi, le sú nó gan sú na dtorthaí sin,
- a bhféadfadh spíosraí a bheith curtha léi,
- a bhféadfadh dé-ocsaíd charbóin a bheith curtha léi,
- nach bhfuil daite,
- ag a bhfuil neart alcóil iarbhír de réir toirte nach lú ná 4,5 % toirte agus níos ísle ná 12 % toirte, agus
- a bhféadfadh cáithníní soladacha de laíon nó de scamhadh torthaí citris a bheith inti agus a dtagann dath na dí as na hamhábhair a úsáidtear inti amháin.

Ní fhéadfar "*Sangría*" nó "*Sangria*" a úsáid mar ainmníocht díolacháin ach amháin nuair a tháirgtear an táirge sa Spáinn nó sa Phortaingéil. Nuair a tháirgtear an táirge i mBallstáit eile, ní fhéadfar "*Sangría*" nó "*Sangria*" a úsáid ach amháin chun cur leis an ainmníocht díolacháin "deoch chumhraithe de bhunadh fíona", ar choinníoll go bhfuil na focail seo a leanas ag gabháil leis: "arna tháirgeadh in ...", arna leanúint le hainm an Bhallstáit tháirgthe nó ainm réigiúin is srianta.

(4) *Clarea*

Deoch chumhraithe de bhunadh fíona, a fhaightear ó fhíon bán de réir na gcoinníollacha céanna atá ann do *Sangría* / *Sangria*.

Ní fhéadfar "*Clarea*" a úsáid mar ainmníocht díolacháin ach amháin nuair a tháirgtear an táirge sa Spáinn. Nuair a tháirgtear an táirge i mBallstáit eile, ní fhéadfar "*Clarea*" a úsáid ach amháin chun cur leis an ainmníocht díolacháin "deoch chumhraithe de bhunadh fíona", ar choinníoll go bhfuil na focail seo a leanas ag gabháil leis: "arna tháirgeadh in ...", arna leanúint le hainm an Bhallstáit tháirgthe nó ainm réigiúin is teoranta.

(5) *Zurra*

Deoch chumhraithe de bhunadh fíona a fhaightear trí bhranda nó trí bhiotáille fíona, mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 110/2008, a chur le *Sangría* / *Sangria* nó le *Clarea*, agus b'fhéidir go mbeadh píosaí torthaí curtha léi. Ní foláir nach mbeidh an neart alcóil iarbhír de réir toirte faoi bhun 9 % toirte agus go mbeidh sé níos ísle ná 14 % toirte.

(6) *Bitter soda*

Deoch chumhraithe de bhunadh fiona

- a fhaightear ó "*bitter vino*" a bhfuil cion nach lú ná 50 % de réir toirte de sa táirge críochnaithe,
- a bhfuil dé-ocsaíd charbóin nó uisce carbónáitithe curtha léi, agus
- ag a bhfuil neart alcóil iarbhír de réir toirte nach lú ná 8 % toirte, agus ar lú ná 10,5 % toirte.

Beidh úsáid an fhocail "*bitter*" sa chomhthéacs seo gan dochar dá úsáid chun táirgí nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a shainiú.

(7) *Kalte Ente*

Deoch chumhraithe de bhunadh fiona

- a fhaightear trí fhíon, fíon leathshúilíneach nó fíon leathshúilíneach aeraithe a mheascadh le fíon súilíneach nó le fíon súilíneach aeraithe,
- a bhfuil substaintí líomóide aiceanta nó eastóscáin díobh curtha léi, agus
- a bhfuil neart alcóil iarbhír de réir toirte nach lú ná 7 % toirte inti.

Ní foláir nach lú ná 25 % de réir toirte den fhíon súilíneach nó den fhíon súilíneach aeraithe a bheidh sa táirge críochnaithe.

(8) *Glühwein*

Deoch chumhraithe de bhunadh fiona

- a fhaightear ó fhíon dearg nó ó fhíon bán amháin,
- atá blaitithe le cainéal agus/nó le clóibh den chuid is mó, agus
- a bhfuil neart alcóil iarbhír de réir toirte nach lú ná 7 % toirte inti.

Gan dochar do na cainníochtaí uisce a thig as cur i bhfeidhm Iarscríbhinn I, pointe 2, tá cosc ar uisce a chur léi.

I gcás ina bhfuil sí ullmhaithe le fíon bán, ní foláir focail lena léirítear fíon bán, ar nós an fhocail "bán", a chur mar fhorlíonadh leis an ainmníocht díolacháin "*Glühwein*";

(9) *Viiniglögi / Vinglögg / Karštas vynos*

Deoch chumhraithe de bhunadh fiona

- a fhaightear ó fhíon dearg nó ó fhíon bán amháin,
- atá blaitithe le cainéal agus/nó le clóibh den chuid is mó,
- a bhfuil neart alcóil iarbhír de réir toirte nach lú ná 7 % toirte inti.

I gcás ina n-ullmhaítear le fíon bán í, ní foláir focail a chuireannfíon bán in iúl, amhail an focal 'bán' a chur mar fhorlíonadh leis an ainmníocht díolacháin "*Viiniglögi / Vinglögg / Karštas vynos*";

(10) *Maiwein*

Deoch chumhraithe de bhunadh fiona

- a fhaightear ó fhíon a bhfuil plandaí *Galium odoratum* (L.) Scop. (*Asperula odorata* L.) nó eastóscáin díobh curtha leis chun a áirithiú gurb é blas *Galium odoratum* (L.) Scop. (*Asperula odorata* L.) an blas is láidre ann, agus
- a bhfuil neart alcóil iarbhír de réir toirte nach lú ná 7 % toirte inti.

(11) *Maitrank*

Deoch chumhraithe de bhunadh fiona

- a fhaightear ó fhíon bán inar maothaíodh plandaí *Galium odoratum* (L.) Scop. (*Asperula odorata* L.. nó ar cuireadh eastóscáin *Asperula odorata* L. leis chomh maith le horáistí agus/nó torthaí eile, a d'fhéadfadh a bheith i bhfoirm sú, sú tiubhaithe nó eastóscáin, agus a bhfuil uasmhéid 5 % de mhilsíú siúcra ann, agus
- a bhfuil neart alcóil iarbhír de réir toirte nach lú ná 7 % toirte inti.

(12) *Pelin*

Deoch chumhraithe de bhunadh fiona

- a fhaightear ó fhíon dearg nó ó fhíon bán agus meascán sonrath luibheanna,

- a bhfuil neart alcóil iarbhír de réir toirte nach lú ná 8.5 % toirte inti, agus
- a bhfuil cion siúcra arna shloinneadh mar 45-50 gram de shiúcra inbhéartaithe in aghaidh an lítir inti, agus a bhfuil aigéadacht iomlán nach lú ná 3 ghram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach inti.

(13) *Aromatizovaný dezert*

Deoch chumhraithe de bhunadh fíona

- a fhaightear ó fhíon dearg nó ó fhíon bán, siúcra agus meascán spíosraí milseog,
- ag a bhfuil neart alcóil iarbhír de réir toirte nach lú ná 9 % toirte agus ar lú ná 12 % de réir toirte, agus
- a bhfuil cion siúcra arna shloinneadh mar 90-130 gram de shiúcra inbhéartaithe in aghaidh an lítir inti, agus a bhfuil aigéadacht iomlán ar a laghad 2,5 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach inti.

Ní fhéadfar "*Aromatizovaný dezert*" a úsáid mar ainmníocht díolacháin ach amháin nuair a tháirgtear an táirge i bPoblacht na Seice. Nuair a tháirgtear an táirge i mBallstáit eile, ní fhéadfar "*Aromatizovaný dezert*" a úsáid ach amháin chun cur leis an ainmníocht díolacháin "deoch chumhraithe de bhunadh fíona" ar choinníoll go bhfuil "arna tháirgeadh i ..." ag gabháil leis na focail móide ainm an Bhallstáit inar tháirgeadh é nó ainm réigiúin atá níos srianta.

C. AINMNÍOCHTAÍ DÍOLACHÁIN AGUS TUAIRISCÍ AR MHANGLAIM TÁIRGÍ FÍONA CUMHRAITHE

(1) Manglam cumhraithe de tháirgí fíona

Táirge a chomhlíonann an sainmhíniú a leagtar amach in Airteagal 3(4).

Tá úsáid an téarma "manglam" sa chomhthéacs seo gan dochar dá úsáid chun táirgí nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a shainmhíniú.

(2) Manglam de bhunadh fíona

Manglam cumhraithe de tháirgí fíona

- nach bhfuil an cion d'úrfhíon fíonchaor tiubhaithe níos mó ná 10 % de thoirt iomlán an táirge chríochnaithe,
- a bhfuil neart alcóil iarbhír de réir toirte faoi bhun 7 % toirte inti agus,
- ina bhfuil cion siúcra, arna shloinneadh mar shiúcra inbhéartaithe, atá níos ísle ná 80 gram in aghaidh an lítir.

(3) Manglam cumhraithe leathshúilíneach de bhunadh fionchaor

Manglam cumhraithe de tháirgí fiona

- a fhaightear ó úrfhíon fionchaor amháin,
- a bhfuil neart alcóil iarbhír de réir toirte faoi bhun 4 % toirte inti, agus
- ina bhfuil dé-ocsaíd charbóin a fhaightear go heisiach ó choipeadh na dtáirgí arna n-úsáid.

(4) Manglam fiona shúilínigh

Manglam cumhraithe de tháirgí fiona, atá measctha le fion súilíneach.

IARSCRÍBHINN III

TÁBLA COMHGHAOIL

| Rialachán (CEE) Uimh. 1601/1991 | An Rialachán seo |
|---------------------------------|------------------------------------|
| Airteagal 1 | Airteagal 1 |
| Airteagail 2(1) go (4) | Airteagal 3 agus Iarscríbhinn II |
| Airteagal 2(5) | Airteagal 6(1) |
| Airteagal 2(6) | Airteagal 6(2) |
| Airteagal 2(7) | – |
| Airteagal 3 | Airteagal 4(1) agus Iarscríbhinn I |
| Airteagal 4(1) go (3) | Airteagal 4(1) agus Iarscríbhinn I |
| Airteagal 4(4) | Airteagal 4(3) |
| Airteagal 5 | Airteagal 4(2) |
| Airteagal 6(1) | Airteagal 5(1) agus (2) |
| Airteagal 6(2)(a) | Airteagal 5(4) |
| Airteagal 6(2)(b) | Airteagal 20(1) |
| Airteagal 6(3) | Airteagal 5(5) |
| Airteagal 6(4) | Airteagal 9 |
| Airteagal 7(1) agus (3) | – |
| Airteagal 7(2) | Airteagal 5(3) |
| Airteagal 8(1) | – |
| Airteagal 8(2) | Airteagal 5(1) agus (2) |
| Airteagal 8(3) | Airteagal 6(3) |

| | |
|--|---|
| – | Airteagal 7 |
| Airteagal 8(4), an chéad mhír agus an dara mír | – |
| Airteagal 8(4), an tríú mír | Iarscríbhinn I, pointe (3), an dara mír |
| Airteagal 8(4a) | – |
| Airteagail 8(5) go (8) | Airteagal 8 |
| Airteagal 8(9) | – |
| Airteagal 9(1) go (3) | Airteagal 31 |
| Airteagal 9(4) | Airteagal 32 |
| Airteagal 10 | Airteagal 11 |
| Airteagal 10a | Airteagal 2, pointe 3, agus Airteagal 10 go hAirteagal 30 |
| Airteagal 11 | Airteagal 1(3) |
| Airteagail 12 go 15 | Airteagal 33 agus Airteagal 34 |
| – | Airteagal 35 |
| Airteagal 16 | Airteagal 36 |
| Airteagal 17 | Airteagal 37 |
| Iarscríbhinn I | Iarscríbhinn I(3)(a)– |
| Iarscríbhinn II | – |